

Achoimre Fheidhmeach

Is í seo an tuarascáil is déanaí sa tsraith GCC, Staid an Chomhshaoil, a fhoilsítear uair gach 4 bliana. Tugann an tuarascáil achoimre ar staid reatha chomhshaoil na hÉireann ag leibhéal straitéiseach. Tugann an tuarascáil an t-eolas is déanaí ar na dúshlán atá romhainn maidir le cúrsaí comhshaoil go náisiúnta agus ar fud an domhain. Cuireann an tuarascáil seo leis an réimse tuarascálacha téamacha agus taighde atá curtha ar fáil ag an GCC a thugann tuilleadh eolais faoi na dúshlán seo. Chun an tuarascáil seo a chomhlánú, d'fhorbair an GCC an mhír "Comhshaoil na hÉireann" ar a suíomh gréasáin¹ a thugann eolas suas chun dáta ar líne agus eolas táscach faoin gcomhshaoil san áireamh.




An Comhshaoil, an tSláinte agus an Fholláine

Aitheantas do na Tairbhí Sláinte agus Folláine a bhaineann le Comhshaoil ar Ardchaighdeán

Is féidir le staid an chomhshaoil tionchar dearfach a bheith aici ar ár sláinte (e.g. taitneamhacht) nó drochthionchar, de bharr go gcuireann an truailliú ár sláinte i mbaol. Tá dea-bhail ar chomhshaoil na hÉireann go ginearálta, agus is féidir a rá don chuid is mó gur timpeallacht ghlan agus sábháilte í Éire le maireachtáil ann. Cé gur féidir a rá go bhfuil cáilíocht ghinearálta chomhshaoil nádúrtha na hÉireann "go maith", ní mór agus a chur leis an ráiteas seo. Is iomaí dúshlán a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil faoi láthair agus beidh go leor dúshlán ann sa todhchaí, chomh maith le ceisteanna níos práinní faoin timpeallacht áitiúil ar nós cáilíocht an aeir, truailliú uisce, bolaithe agus torainn, ceisteanna ar gá iad a réiteach. Níl na fadhbanna seo le brath i gcónaí i measúnuithe a dhéantar ag leibhéal náisiúnta ach is féidir leo an-drochthionchar a bheith acu ar shláinte agus ar fholláine na ndaoine i bpobail ar leith agus ar cháilíocht an chomhshaoil áitiúil. Ó thaobh na bpríacal atá ag teacht chun cinn de, ní mór dúinn a bheith airdeallach maidir le baol sláinte de bharr an athraithe aeráide, frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh agus ceimiceán agus substaint nua.

Glactar leis anois gur féidir le leibhéal íseal aerthruaillithe, go háirithe ó cháithníní (súiche agus deannach), drochthionchar a imirt ar an tsláinte. Tá sé d'ádh ar Éirinn go bhfuil cáilíocht aeir níos fearr aici ná formhór na dtíortha Eorpacha, ach tá roinnt dúshlán mór fós ann. Cuireann trácht brú mór ar cháilíocht an aeir agus is é an phríomhchúis le fadhbanna cáilíochta aeir sna bailte móra agus sna cathracha. Bíonn an cháilíocht aeir áitiúil go dona uaireanta, go háirithe i mbailte beaga in Éirinn atá ag brath go mór ar ghual, ar mhóin agus ar adhmaid le haghaidh téimh bhaile. Meastar go raibh

Íomhá Satailíte Dathchumaisc d'Éirinn
(Bealtaine 2015) (Foinse: © ESA)



tionchar ag truailliú aeir ar ardú sa ráta báis bliantúil agus is gá aghaidh a thabhairt air seo. Ba cheart an obair ar fhorbairt an Straitéis Aeir Ghlan d'Éirinn² a úsáid mar dheis chun aird a tharraingt ar chuid de na fadhbanna seo, chun réitigh pholasáí a chur ar aghaidh agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gceangal atá idir an aeráid agus polasaithe maidir le cáilíocht an aeir. Dá nglacfaí leis na treoirluachanna déine nua a d'fhoilsigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir leis an gcáilíocht aeir i reachtaíocht na hÉireann, spreagfaí gníomh chun cáilíocht an aeir a chosaint.

Is príacal do shláinte an duine é radón - gás radaighníomhach a fhaightear go nádúrtha. Cé nach bhfuil a fhios acu faoi, tá cuid dár saoránaigh ina gcónaí i dtithe a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar a sláinte de bharr go bhfuil radón iontu. Tá sé riachtanach go leanfaí ar aghaidh ag cur acmhainní ar fáil don Phlean Radóin Náisiúnta.

Tá sé do-ghlactha go bhfuil an oiread sin soláthairtí uisce óil phoiblí faoi réir Fhógraí Fiuchta Uisce fadtéarmacha go fóill agus go bhfuil siad fós ar Liosta Gníomhaíochta Feabhais an GCC. Tá gá le hinfheistíocht mhór go fóill san earnáil uisce poiblí agus san earnáil grúpuisce chun a chinntiú go ndéanfaí tomhaltóirí a chosaint ó phriacail thruaillithe agus sláinte. Ní mór tuilleadh a dhéanamh freisin chun aird a

1 www.epa.ie/irelandsenvironment

2 Faoi stiúir an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

tharraingt ar na priacail atá ann don 180,000 teaghlach a bhfuil a dtobar príobháideach féin á úsáid acu. Moltar cur chuige ilchosanta a chur i bhfeidhm a chosnaíonn foinsí an tsoláthair uisce ó thruailliú - i gcomhar le cóireáil agus oibriú éifeachtach atá deartha chun cáilíocht agus inathraitheacht an uisce foinsé a chomhoiriúnú - chun uisce óil slán, sábháilte a chinntiú.

Is bagairt í aon núis, cibé an torann, nó boladh, nó diúscairt mhídhleathach bruscair é, do shláinte agus folláine an duine agus don timpeallacht i gcoitinne.

Faigheann na húdaráis áitiúla os cionn 60,000 clamhsán sa bhliain faoin timpeallacht ón bpobal. Baineann a bhformhór díobh seo le núis, diúscairt bruscair agus fadhbanna eile a bhaineann le dramhaíl. Faigheann an GCC líon suntasach clamhsán freisin faoi bholaithé a thagann ó ghníomhaíochtaí tionsclaíochta, go háirithe ó lárionaid bhainistíochta dramhaíola, agus ó áiseanna bia agus dí. Is iad na hoibreoírí tionsclaíochta is mó a bhfuil freagracht orthu as smacht a choinneáil ar a gcuid gníomhaíochtaí tionsclaíochta, ach tá ról lárnach freisin ag lucht déanta polasaithe agus ag rialtóirí i réiteach na bhfadhbanna seo don saoránach.



Athrú Aeráide

Tapú ar an bhFreagra Náisiúnta ar Laghdú Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa, agus ar Mhaolú is Oiriúnú Aeráide

Caithfidh muid maireachtáil anois leis an athrú aeráide, agus dá luaithe a ghníomhaíonn muid is ea is lú damáiste a dhéanfar dár sochaí, dár ngeilleagar agus dár dtimpeallacht. Leagtar amach fis d'Éirinn sa seasamh polasaí náisiúnta maidir leis an Athrú Aeráide chun trasdul ísealcharbóin atá bunaithe ar laghdú comhiomlán de, ar a laghad, 80% (i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann i 1990) in astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO₂) a bhaint amach roimh 2050 sna hearnálacha giniúna leictreachais, comhshaoil fhoirgnithe agus iompair; agus, i gcomhthráth leis sin, dul i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach sna hearnálacha talmhaíochta agus úsáide talún, lena n-áirítear earnáil na foraoiseachta, rud nach gcuireann i mbaol ár gcumas bia a tháirgeadh go hinbhuanaithe. Le glacadh Chomhaontú Pháras ar an athrú aeráide i Nollaig 2015, tá creat uailmhianach, atá ina cheangal dlí orainn, ó thaobh gníomhaíochta de maidir leis an athrú aeráide a bhfuil mar aidhm aige an t-ardú ar theochtaí domhanda a choinneáil i bhfad níos ísle ná 2°C os cionn na leibhéil réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an t-ardú teochta a theorannú chuig 1.5°C. Chun an fhís seo a fhíorú, caithfear gníomhú go práinneach chun an spleáchas atá againn ar bhreosláí iontaise le haghaidh fuinnimh, téimh agus iompair a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ó bhonn agus muid féin a ullmhú chun déileáil leis na torthaí dosheachanta a thioctaidh leis an athrú aeráide, ar nós tuilte. Taispeánann sonraí Gáis Cheaptha Teasa (GHG) don Earnáil Trádála Astaíochtaí go bhfuil méadú ar astaíochtaí na hearnála cé gurb é an treocht atá le feiceáil ar fud na hEorpa ná astaíochtaí a laghdú. Meastar go dtiocfaidh méadú sa tréimhse

2014-2020 ar astaíochtaí GHG in earnálacha níos forleithne den gheilleagar agus den tsochaí nach n-áirítear san Earnáil Trádála Astaíochtaí, earnálacha a chuimsíonn an earnáil iompair agus an earnáil talmhaíochta. Go ginearálta, meastar go mbeidh na hastaíochtaí iomlána i 2020 ag leibhéal idir 6% agus 11% faoi bhun leibhéal 2005. Is í an sprioc ná laghdú 20% a bhaint amach. Maidir lenár sprioc náisiúnta chun trasdul a dhéanamh chuig sochaí agus geilleagar atá neodrach ó thaobh an charbóin de a bhaint amach, ní ábhar dóchais an treocht seo. Beidh gá le hiarracht níos suntasaí agus níos fearr chun tabhairt faoi na dúshláin maidir le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa atá leagtha síos do na blianta 2030 agus 2050, dúshláin a bhfuil mar chuspóir acu ár ngeilleagar agus ár gcomhshaol a neartú.

Mar chuid de na gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus an t-athrú sin a theorannú, beidh athrú ó bhonn le déanamh ar chórais fuinnimh na hÉireann sna fiche nó tríocha bliain atá romhainn.

Is gá deireadh a chur le húsáid breosláí iontaise, a dhéanann suas timpeall 90% de phróifíl fuinnimh na hÉireann faoi láthair, agus acmhainní in-athnuaite fuinnimh mar ghaoth, an ghrian agus na taoídí a úsáid ina n-áit. Is léir na buntáistí don phobal ó thaobh coigilteas fuinnimh de a bhaineann le haisfheistiú stoc tithíochta atá níos sine agus nach bhfuil tíosach ar fhuinneamh chun rátáil fuinnimh níos airde a bhaint amach. Is tionscnamh a bhaineann leis an athrú aeráide é seo a d'fhéadfaí a chur chun cinn trí chláir ghníomhaíochta níos spriocdhírthe a chur i bhfeidhm.

Ó thaobh córas iompair de, beidh cur chuige réamhghníomhach agus córasach ó thaobh úsáide talún agus pleanála iompair de ag teastáil chun an t-aistriú a dhéanamh ón gcarr príobháideach go dtí córas iompair inbhuanaithe agus éifeachtach. Tá bearta polasaí níos leithne ag teastáil chun úsáid breosláí malartaí agus feithiclí leictreáil a mhéadú. Sna ceantair móra uirbeacha, caithfear obair a dhéanamh ar leibhéal éagsúla chun córas iompair comhtháite a chur ar fáil agus ceart slí a thabhairt do na modhanna taistil a chabhraíonn le laghdú truailliú an aeir agus astaíochtaí GHG.



Cur i bhFeidhm Reachtaíochta

Feabhas a chur ar Rianú Pleananna agus Polasaithe agus ar Chur i bhFeidhm agus Forfheidhmiú na Reachtaíochta Comhshaoil

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta i roinnt réimsí, ar nós an athchúrsáil dramhaíola agus astaíochtaí ó áiseanna tionsclaíochta, tá dúshláin fós roimh Éirinn maidir le cur i bhfeidhm roinnt treoracha ón AE a bhfuil sárú déanta aici orthu. Tá gá le feabhas ó thaobh comhlíonta de maidir le hUisce Óil, Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, Pleananna Cheantair Abhantraí agus Limistéir Chaomhantais Speisialta. Agus mar a phléitear sa chaibidil faoin aeráid, tá obair phráinneach ag teastáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Ba cheart do chomhlachtaí forfheidhmithe comhshaoil na príomhphriacail agus an t-easpa comhlíonta a bhaineann leis an gcomhshaoil a aithint agus díriú orthu chun feabhas sa chomhshaoil a chur chun cinn. Dhá phríomhcheist atá ann do shuíomhanna dramhaíola agus tionsclaíochta ná rialú cuí ar bhólaíthe agus forálacha airgeadais láidir agus slán a chur i bhfeidhm chun dlíteanais chomhshaoil a bhainistiú. Tá gá le forfheidhmiú leanúnach, chomh maith le tionscnaimh chun dearcaí agus iompar dearfacha a chur chun cinn. Cuireann rannpháirtíocht shaoránaigh i dtuairisciú truaillithe comhshaoil nó fadhbanna comhshaoil eile eolas ar an láthair ar fáil ar féidir le comhlachtaí poiblí gníomhú orthu dá réir. Tá cineálacha éagsúla línte gutháin, aipeanna nó córais gréasánbhunaithe á n-oibriú ag comhlachtaí poiblí chun tuairisciú truaillithe a dhéanamh níos éasca agus ar an toirt.

Tá sé riachtanach clár chumhdaigh talún, úsáide talún agus mapáil gnáthóige náisiúnta a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun cabhrú le tuairisciú agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag cumhdaigh agus ar úsáid talún éagsúla ar an timpeallacht.

Tríd an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha a comhtháthú i bpleanáil úsáide talún, féadtar cleachtais bhainistíochta tírdhreacha inbhuanaithe a chur chun cinn freisin. I gcás an chomhshaoil uirbigh is é an príomhdhúshlán comhshaoil uirbeach a dhearadh don toadhcháil a mheallann an pobal agus a bhfuil díonadh ar athrú aeráide ag baint leis, mar chórais níos fearr chun tuilte a chosc nach bhfuil díobháileach don timpeallacht, chomh maith le limistéir ghlais agus áiteanna fiáine ar féidir leis an bhfiadhúlra agus le daoine tairbhe a bhaint astu, gan cosc a chur ar an tsochaí a riachtanais a chomhlíonadh. Tá gá le pleanáil chun cinn straitéiseach maidir le húsáid talún agus le bonneagar nua chun fás inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chinntiú, fás nach gcuireann leis na brúnna ar an gcomhshaoil atá ann cheana, ar nós an laghdú de réir a chéile a tharla sna gnáthóga bogaigh le fiche bliain anuas nó fadhbanna maidir le dóthain uisce óil a sholáthar agus le cóireáil fuíolluisce uirbigh.

Caithfidh muid a bheith ábalta cur chuige nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar phriacail nua córasacha agus ar phriacail atá ag teacht chun cinn. Déantar go leor fadhbanna a bhaineann leis an gcomhshaoil a rialú ag brath ar na cúinsí speisialta atá le fáil ar gach láithreán ar leith, i gcás ceadúnú áis tionsclaíochta nó bainistiú limistéir faoi chosaint mar shampla. É sin ráite, sa timpeallacht i gcoitinne tá priacail chórasacha ann a mbíonn cur chuige éagsúil agus nua ag teastáil uathu, truailliú uisce idirleata nó titim i líon speicis mar shampla. Tá soláthar sonraí tráthúil faoin timpeallacht riachtanach chun priacail níos forleithne den chineál sin a aithint go luath.



Cáilíocht Uisce a Athchóiriú agus a Chosaint

Bearta a chur i bhfeidhm a Chuireann Feabhas Leanúnach ar Stádas Comhshaoil Dhobharlaigh ón bhFoinse go dtí an Fharrage

Tá gá le bearta cosanta uisce chun a chinntiú go mbeidh aibhneacha, lochanna agus inbhir sláintiúla agus tránna glana againn, agus chun sláinte an duine a chosaint, éisc agus bithéagsúlacht a chaomhnú agus ár n-acmhainní tábhachtacha uisce a úsáid chun poist a chruthú agus turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá bóthar fada romhainn fós ó thaobh na riachtanas atá dlite orainn faoin gCreat-treoir Uisce a chomhlíonadh ina iomláine, riachtanais a leagann síos cáilíocht an uisce. Taispeánann na réamhthorthaí nach raibh aon fheabhas ginearálta i gcáilíocht an uisce thar an gcéad seal abhantraí (2009-2015). Níor baineadh amach an sprioc feabhas 13.6% a chur ar stádas éiceolaíochta na n-uisic dromchla (ón mbonnlíne 2009) roimh 2015. Tá feabhas ar cháilíocht an uisce ag teastáil ó timpeall 50% de na haibhneacha, lochanna agus inbhir a bhfuil tionchar ag truailliú nó brúnna eile orthu. Is iad an dá phríomhchúis amhrasta le truailliú in aibhneacha ná an talmhaíocht agus foinsí cathrach, 53% agus 34% de na cásanna faoi seach. Brú tábhachtach eile ar gá déileáil leo ná modhnuithe fisiceacha, ar nós bacainní ar imirce éisc. Cé gur fhan an fad iomlán den chainéal abhann nach bhfuil truaillithe mar an gcéanna den chuid is mó, bhí cailíteanas suntasach i líon na láithreán abhann den chaighdeán is airde (i.e. luach Q de 5). Le linn na tréimhse monatóireachta is deireanaí (2013-2015) níor aicmíodh ach 21 láithreán mar na láithreáin abhann den chaighdeán ab airde (0.7% de láithreáin) i gcomparáid le 575 idir 1987 agus 1990 agus 82 idir 2001 agus 2003. Is réimse é seo ina bhfuil iarracht mhór ag teastáil chun an dornán láithreán atá fágtha a chosaint agus, nuair is féidir, na láithreáin a d'fhulaing tionchar diúltach a thabhairt ar ais go dtí an staid den scoth ina raibh siad.

Is é fuíolluisce uirbigh ceann de na brúnna is mó fós atá ar cháilíocht uisce in Éirinn. Tá gá le hinfheistíocht leanúnach sna háiseanna chóireála fuíolluisce uirbigh. Tá gá leis an infheistíocht seo chun na líonraí séarachas agus na háiseanna cóireála a sholáthar, a uasghrádú agus a bhainistiú, rud atá riachtanach chun séarachas agus uisce tionsclaíoch a chóireáil go dtí an caighdeán is gá chun sláinte an duine, agus cáilíocht uisce ár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár gceantracha cósta a chosaint.

Ceann de na bearta atá á chur i bhfeidhm chun cáilíocht an uisce a fheabhsú agus a chosaint ná úsáid cur chuige nua atá bunaithe ar an riosca chun dobharcheantair a bhainistiú. Mar chuid den chur chuige nua seo beidh gá le hidirghabháil níos spriocdhírthe chun cáilíocht uisce a athchóiriú agus a chosaint chomh maith le tuilleadh rannpháirtíochta ón bpobal i gcosaint agus i mbainistiúocht ár n-acmhainní uisce.

Tá muirthimpeallacht na hÉireann sách neamhthruaillithe go fóill; tá leibhéal an bhrú inmheánaigh agus eachtraigh ar an gcomhshaol méadaithe, áfach. Is fadhb fós í inbhuanaitheacht na ngabhálacha éisc; meastar go bhfuil 36% de na héisc á ngabháil go hinbhuanaithe. Laghdaigh na stoic a ndearnadh ró-ghabháil orthu go dtí 26%, agus tá 38% a bhfuil stádas anaithnid acu. Scaoiltear amach camras neamhchóireáilte ag 36 shuíomh inbhearach agus cósta. San iomlán, rinne 71% (46 as 65) de na limistéir uirbigh a bhfuil cóireáil easnamhach acu nó nach gcomhlíonann caighdeáin shainordaitheacha an AE camras a scaoileadh amach ar shuíomhanna inbhearacha agus cósta. Is fadhb dhomhanda anois an bruscar muirí agus is féidir a thionchar a fheiceáil fiú ar na trána is iargúlta. Cé gur príomhdhúshlán don mhuir agus don bhithéagsúlacht an bruscar muirí, tá tionchar díreach ag réimse de ghníomhaíochtaí an duine agus de réimsí beartais ar a ghiniúint agus ar a chosc. Tá gá le polasaí dramhaíola spriocdhírithé agus cuimsitheach a chur i bhfeidhm go rathúil chun stop a chur le scaoileadh bhruscair phlaistigh amach sa chomhshaol muirí.

Tá brúnna eile atá níos leithne fós ar chomhshaol ár gcósta agus tá ceangal díreach acu le tionchar an athraithe aeráide. Ó thaobh na haeráide de, is príomhábhar imní ar fud an domhain an t-ardú sa teocht mhara, dí-ocsaiginíú na n-aigéan, an t-ardú sna leibhéil mhara agus aigéadú na n-aigéan (tá tionchar na n-athruithe seo le feiceáil ar uisce na hÉireann cheana féin). Is linn dé-ocsaíd charbóin shuntasach ar cheart iad a chosaint agus a mhéadú na féara muirí agus na foraoiseacha ceilpe saibhre (agus is foinsí bithéagsúlachta tábhachtacha iad). Léiríonn na fadhbanna a phléitear sa tuarascáil seo ar an limistéar cósta an gá atá ann limistéir chósta, inbhearacha agus mhuirí a chosaint trí na gníomhaíochtaí atá riachtanach faoi threoracha éagsúla maidir le huisce, leis an muir agus leis an nádúr a chomhtháthú ar bhealach níos éifeachtaí.³



Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Inbhuanaithe

Ba Cheart go mBeadh Moltaí maidir le hInbhuanaitheacht Comhshaoil agus Cuntasaíocht Feidhmíochta Thar Earnálacha Geilleagracha agus Pleananna Earnála ina Phríomhpholasaí don Fhás

I ndomhan ina bhfuil na hacmhainní teoranta agus ina bhfuil an daonra ag fás, tá sé níos tábhachtaí ná a bhí riamh ár ngeilleagar náisiúnta agus ár sochaí a dhéanamh níos iomaíche go hinbhuanaitheach.

Éillíonn sé seo orainn a bheith níos tíosaí agus níos inbhuanaithe sa bhealach a dhéanann agus a úsáideann muid táirgí. Tháinig laghdú iontach ar líon na dramhaíola a cuireadh chuig láithreáin líonta talún in Éirinn le blianta beaga anuas agus cruthaíodh níos lú dramhaíola tí in aghaidh an duine ná an meán Eorpach. Bhí Éire ina cheannródaí maidir le tionscnaimh eacnamaíocha a d'athraigh iompraíocht thomhaltóirí agus a chuir srian ar fhuíoll, an tobhach ar mhálaí plaisteacha mar shampla. Tá an Clár Náisiúnta maidir le Dramhaíl a Chosc seanbhunaithe anois agus is sampla de dhea-chleachtas é. Ónar foilsíodh sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh i 2016, tá an chosúlacht ann nach gcuireann 500,000 teaghlach bearta i bhfeidhm sa bhaile le dramhaíl a chosc, agus go bhfuil 51,000 teaghlach ann nach nglacann páirt i gcleachtais bhainistíochta dramhaíola dleathacha, is léir go bhfuil maoiniú suntasach ag teastáil ón gclár ag an leibhéal áitiúil.

Is príomhdhúshlán é an comhshaol a chur ag lár an phróisis chinnteoireachta, i bhfianaise na n-éileamh iomaíochta atá á gcur ag sochaí an lae inniu ar an gcomhshaol. Caithfidh muid ár ngeilleagar sreafa línigh a iompú isteach ina gheilleagar sreafa chiorclaigh, geilleagar ina n-athghabhatar ábhair ag deireadh shaolré an táirge. Cruthóidh an éabhlóid seo deiseanna sa gheilleagar glas agus cinnteoidh sé go ngluaisfidh Éire ar aghaidh agus go mbeidh rath geilleagrach inbhuanaithe agus iomaíoch in ann di. Is féidir linn agus ba cheart dúinn a bheith ag feabhsú.

Tá roinnt easnamh suntasach sa bhonneagar dramhaíola in Éirinn, easpa láithreáin líonta talún le haghaidh dramhaíola guaisigh, agus acmhainn teoranta i mbonneagar eile ina measc. Tá staid ghéarchéimneach sroichte ag an acmhainn líonta talún, le níos lú ná acmhainn bhliain amháin ann, b'fhéidir, bunaithe ar ráta líonta 2015. Tháinig méadú faoi deich ar líon na dramhaíola iarmharaigh a easpórtáladh lena húsáid mar bhreosla sa tréimhse idir 2010 agus 2014. Tá Éire spleách don chuid is mó ar an margadh easpórtála le haghaidh cóireála ár ndramhaíl in-athchúrsáilte. De thoradh air sin, tá muid i mbaol chúinsí eachtracha mar an iomaíocht, an cumas, luaineacht airgeadra agus aon athrú eile a thagann ar pholasaithe an AE.

Éillíonn polasaithe an AE go ndíreofaí aird go práinneach ar dheireadh a chur, roimh 2020, le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol ag an leibhéal náisiúnta. In Éirinn, tá gá le sainaitheint, agus deireadh a chur le (nó athmhúnlú a dhéanamh ar), na fóirdheontais, na haistrithe, na státhabhracha agus na díolúintí cánacha a thacaíonn le hastaíochtaí nó gníomhaíochtaí a dhéanann díobháil don chomhshaol (i.e. gnéithe seachtracha comhshaoil atá diúltach)

³ An Chreat-treoir Uisce, an Treoir Uisce Snámha (2006/7/CE), an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, an Chreat-Treoir um Straitéis Mhuirí (2008/56/CE), an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí (2014/89/AE) agus Treoracha maidir leis an Nádúr (2009/147/CE agus 92/43/CEE).

Agus pleananna á fhabhrú le haschur talmhaíochta a mhéadú faoin gclár Food Wise 2025, tá gá ann le hinbhuanaitheacht na hearnála a chinntiú ar mhaithe le fás geilleagrach agus cosaint an chomhshaoil araon. Ní mór dintiúir na talmhaíochta, chomh maith le dintiúir an domharshaothraithe, a bheith intomhaiste agus tagarmharc a leagan síos dóibh, chun ár dtiomantas chun forbairt a dhéanamh ar bhealach nach ndéanfaidh díobháil fadtéarmach dár gcomhshaoil nádúrtha, a léiriú. Is iad maolú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an t-oiriúnú don athrú aeráide na príomhdhúshláin atá ann do thalmhaíocht na hÉireann sna blianta atá amach romhainn. Tá sé soiléir go n-éileoidh an t-athrú aeráide oiriúnú go saol nua agus beidh tionchar aige seo ar fheirmeoirí, chomh maith le gach eanáil eile den tsochaí.



An Dúlra agus Áiteanna Fiáine

Cosaint a Thabhairt d'Áiteanna gan Mhilleadh agus d'Áiteanna Fiáine a Fheidhmíonn mar Mhoil don Bhithéagsúlacht, a Chothaíonn Sláinte agus Folláine, agus a Chruthaíonn Deiseanna Turasoireachta

Caithfidh muid na háiteanna fiáine agus na dobharlaigh d'ardchaighdeán atá ann fós a chosaint óna thuilleadh meatha ionas go mbeidh siad sábháilte d'fhiadhúlra agus do dhaoine i gcónaí, agus go bhfágfar mar oidhreacht iad do na glúinte atá romhainn. Má chaomhnaíonn muid a bhfuil againn cheana féin, agus má athchóiríonn muid gnáthóga ar nós ár gcuid portach, a bhfuil damáiste déanta dóibh, cothóidh sé seo áiteanna fiáine a thugann cosaint don bhithéagsúlacht, a bhfuil tairbhe don tsláinte agus don fholláine ag baint leo agus a chruthaíonn deiseanna turasoireachta suntasacha.

Is é an tuairim atá ann faoi láthair ná gur priacal fós cailliúint ghnáthóg agus cailliúint na bithéagsúlachta agus go bhfuil gá ann tionscnaimh a fhorbairt a mheallann aird na sochaí agus a chuimsíonn cosaint an nádúir sa phróiseas cinnteoireachta. Maidir leis na speicis agus na gnáthóga in Éirinn a mheastar a bheith i mbaol ar fud na hEorpa agus atá cosanta faoin Treoir um Ghnáthóga, tá stádas fabhrach ag 52% de na speicis ach níl ach 9% de na gnáthóga a bhfuil stádas fabhrach acu. Ceann de na speicis is mó a bhfuil imní ann ina leith ná an diúilicín péarla fionnuisce atá íogair ó thaobh an truailithe de. Tá an t-éan cáiliúil, an Crotach, anois ar cheann de na speicis éin ghoir atá i mbaol. Tá gá ann leis an mbithéagsúlacht a thabhairt isteach sa ghnáthphlé trí phleananna gníomhaíochta, chórais/mapaí mhonatóireachta láidir don bhithéagsúlacht agus cur chuige nua mar an gcur chuige éiceachórais/cuntasaíocht chaipitil nádúrtha, agus nuair is cuí, í a thabhairt isteach i bhforbairt polasaithe, pleananna agus straitéisí.

D'fhéadfadh athruithe in úsáid talún de bharr an téarnaimh gheilleagrach tuilleadh gnáthóga a scrios/a bhriseadh ina fhíosaí trí, mar shampla, bogaigh a chur i

mbaol. Caithfear monatóireacht a dhéanamh ar thionchair na n-athraithe aeráide agus baol leanúnach na speiceas ionrach, agus cosaint in aghaidh na n-athraithe agus an bhaoil sin.

D'fhéadfaí tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh feachtas an phobail ar bhithéagsúlacht a mhéadú, ós rud é go bhfuil tuiscint ar bhithéagsúlacht agus an ceangal atá aici leis an ngnáthshaoil riachtanach má tá rath le bheith ar na hiarrachtaí an dúlra a chosaint.



Rannpháirtíocht an Phobail

Pobail a Chur ar an Eolas, a Mhealladh agus a Thacú i gcosaint agus i bhFeabhas an Chomhshaoil

Tá eolas agus fianaise an-tábhachtach chun go ndéanfaidh cinntí éifeachtacha a chuireann an comhshaoil ag lár an phróisis chinnteoireachta. Dul chun cinn dearfach a tharla le blianta beaga anuas ná an méadú a tháinig ar sholáthar fhoinsí eolais. Caithfidh muid páirt níos mó a ghlacadh sa phobal áitiúil agus a bheith ar an eolas faoi chúrsaí comhshaoil. Tá go leor samplaí maithe den rannpháirtíocht seo againn in Éirinn, ar nós Comórtas na mBailte Slachtmhara, Mórtas Ceantair agus na Tionscnaimh LIFE, agus is féidir linn tógáil ar rath na dtionscnamh seo. Is linne ar fad an comhshaoil agus tá freagracht orainn orainn aire a thabhairt dó agus é a chosaint: ar deireadh thiar thall, braitheann ár sláinte agus ár bhfolláine air.

Tá líon beag tionscnamh pobal áitiúil agus sainréimse atá ar thosach an tslua maidir leis an aistriú go dtí todhchaí níos inbhuanaithe. Taispeánann na tionscnaimh áitiúla seo gurb iad réitigh áitiúla ceann de na bealaí iompraíocht ó thaobh an chomhshaoil de a athrú agus soláthraíonn siad bealaí nua chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá in ann don chomhshaoil amach anseo. Tá an chosúlacht air gur féidir le tionscnaimh atá áitiúil agus pobal-bhunaithe a bheith mar eiseamláir chun an bhithéagsúlacht agus gnáthóga abhann a chaomhnú agus a fheabhsú i limistéir íogair chomhshaoil a bhfuil feirmeoireacht á cleachtadh iontu. Tá ag éirí le cláir ar nós Eco-UNESCO agus Scoileanna Glasa An Taisce daoine óga a mhealladh. Is é an dúshlán anseo ná iarracht a dhéanamh na tionscnaimh seo a athchruthú trí thacaíocht polasaí agus dreasachtaí a thabhairt ar fud na tíre chun tuilleadh tairbhí a chruthú don chomhshaoil agus dár bhfolláine féin.







Tugann an Gníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC) ina dtuarascáil ar Staid an Chomhshaoil san Eoraip 2015 pictiúir éagsúil maidir leis an gcosúlacht go mbainfear amach fis an AE don bhliain 2050 "saol maith laistigh de theorannaithe an phlainéid" a chruthú. Tríd is tríd, tá go leor cosúlachtaí idir na dúshláin ardleibhéal a leagann an GCC béim orthu sna caibidil seo a leanas agus na dúshláin a leagann an GEC amach ina tuarascáil Comhshaoil don Eoraip 2015 agus tá cosúlachtaí an le Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an AE (AEP)

freisin. Is fianaise é seo go bhfuil dúshlán chosúla ar fud na hEorpa maidir le dul i ngleic le ceistanna comhshaoil sainaitheanta agus maidir le comhshaol de dheachaighdeán a chinntiú.

Tá fás ag teacht ar gheilleagar na hÉireann arís agus caithfidh muid cothromaíocht a aimsiú idir an bhéim a chuireann muid ar fhás gheilleagrach agus an bhéim a chuireann muid ar an inbhuanaitheacht agus ar laghdú astaíochtaí. Is ionann Éire inbhuanaithe agus Éire a bhfuil geilleagar beomhar aici agus a thugann slí bheatha chóir dá saoránaigh ar fad: daoine agus pobail a chabhraíonn lena chéile agus a bhfuil meas acu ar a chéile; agus, mar bhonn faoi seo, comhshaol atá faoi chosaint agus a thugann an deis dúinn saolta níos folláine a bheith againn. Le hinbhuanaitheacht a bhaint amach, ní mór dúinn an bealach a ghníomhaíonn muid mar thomhaltóirí a athrú, sa bhaile, inár ngnólachtaí agus inár gcomhlachtaí poiblí. Is é an dúshlán atá romhainn ná é seo a dhéanamh laistigh d'acmhainní agus do theorannaithe eiceolaíochta an phlainéid.

Dúshlán

Mar achoimre is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí comhshaoil d'Éirinn maidir le staid an chomhshaoil i 2016:

TEACHTAIREACHTAÍ CÓRASACHA	 An Comhshaol, an tSláinte agus an Fholláine	 Athrú Aeráide	 Cur i bhFeidhm Reachtaíochta
	Aitheantas do na tairbhí sláinte agus folláine a bhaineann le comhshaol ar ardchaighdeán.	Gníomhaíochtaí maolaithe a thapú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus bearta oiriúnaithe a chur i bhfeidhm chun ár n-acmhainneacht a mhéadú i leith déileáil le droch-thionchair an athraithe aeráide.	Feabhas a chur ar rianú pleananna agus polasaithe agus ar chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na reachtaíochta comhshaoil.
TEACHTAIREACHTAÍ ÁBHAIR	 Cáilíocht Uisce a Athchóiriú & a Chosaint	 Gníomhaíochtaí Geilleagracha Inbhuanaithe	
	Bearta a chur i bhfeidhm a chuireann feabhas leanúnach ar stádas comhshaoil dhobharlach ón bhfoinse go dtí an fharraige.	Moltaí maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus cuntasaiocht fheidhmíochta a chuimsiú sna hearnálacha ar fad den gheilleagar.	
	 An Dúlra & Áiteanna Fiáine	 Rannpháirtíocht an Phobail	
	Cosaint a thabhairt d'áiteanna gan mhilleadh agus d'áiteanna fiáine a fheidhmíonn mar mhoil don bhithéagsúlacht, a chothaíonn sláinte agus folláine, agus a chruthaíonn deiseanna turasóireachta.	An pobal a chur ar an eolas, a mhealladh agus a thacú i gcosaint agus i bhfeabhas an chomhshaoil.	